C/2024/1927

28.2.2024

Fógra le haghaidh daoine áirithe atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2074 ón gComhairle agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2063 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala

(C/2024/1927)

Dírítear aird Carlos Alberto CALDERÓN CHIRINOS (Uimh. 21), Rafael Antonio FRANCO QUINTERO (Uimh. 23), Tania D'AMELIO CARDIET (Uimh. 49) agus José Miguel DOMÍNGUEZ RAMÍREZ (Uimh. 50), na daoine a luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2074 ón gComhairle ([1]) agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2063 ón gComhairle ([2]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala, ar an bhfaisnéis seo a leanas:

Tá sé beartaithe ag an gComhairle na bearta sriantacha i gcoinne na ndaoine thuasluaite a choimeád agus leasú déanta ar na ráitis ar chúiseanna.

Cuirtear in iúl do na daoine sin, leis seo, go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun go bhfaighidh siad an ráiteas beartaithe ar chúiseanna maidir lena n-ainmniú a choimeád, faoin 7 Márta 2024, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

R-phost: sanctions@consilium.europa.eu

([1]) IO L 295, 14.11.2017, lch. 60.
([2]) IO L 295, 14.11.2017, lch. 21.